CINNEADH (CBES) 2022/1224 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Iúil 2022

maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosca chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1179 (ATALANTA/5/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile ([1]), agus iad a chur faoi chois, agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").

(2) An 7 Iúil 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1179 ([2]) lena gceaptar an Seachaimiréal Riccardo MARCHIÓ ina Cheannasaí ar Fhórsa an Aontais Eorpaigh.

(3) An 2 Meitheamh 2022, mhol Ceannasaí Oibríochtúil an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí an Captaen (Cabhlach) Rui Miguel Marcelo CORREIA a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh amhail ón 4 Lúnasa 2022. Tá sé curtha in iúl ag údaráis na Portaingéile go dtabharfar ardú céime don Chaptaen (Cabhlach) Rui Miguel Marcelo CORREIA go Ceannasóir nuair a cheapfar é ina Cheannasaí ar Fhórsa an Aontais Eorpaigh.

(4) An 9 Meitheamh 2022, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais ar an moladh sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/1179 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Rui Miguel Marcelo CORREIA mar Cheannasaí Fórsa an Aontas Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ón 4 Lúnasa 2022.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/1179 a aisghairm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 4 Lúnasa 2022.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1179 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 7 Iúil 2022 maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaighchun cuidiú le bac agus cosca chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Oibríocht Atalanta), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/217 (ATALANTA/4/2022) (IO L 183, 8.7.2022, lch. 83).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Iúil 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach